# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

# LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

---

**DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

---

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar an **gcéad seacht líne**:- (35)

Pariter praecepta volandi
tradit, et ignotas humeris accommodat alas.
inter opus monitusque genae maduere seniles,
et patriae tremuere manus. dedit oscula nato
non iterum repetenda suo; pennisque levatus
ante volat, comitique timet: velut ales, ab alto
quae teneram prolem produxit in aëra nido:
hortaturque sequi, damnosasque erudit artes:
et movet ipse suas, et nati respicit alas.

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.
(Tá cúig mharc déag ag gabháil le gach ceist). (45)

**(a)** Mínigh cén fáth a raibh Daedalus agus Icarus ag éalú ón gCréit.
**(b)** Déan cur síos ar conas mar a rinne Daedalus na sciatháin dá n-eitilt.
**(c)** Athair an-ghrámhar ab ea Daedalus. Tabhair sampla ón sliocht thuas a léiríonn a ghrá d'Icarus.
**(d)** Cén fáth a ndéantar cur síos ar scileanna Daedalus mar *damnosas* i líne 8?
**(e)** Scríobh **go hachomair** faoi shaol agus faoi shaothar Óivid.
**(f)** Cén sliocht nó cén dán ar an gcúrsa ar bhain tú an taitneamh ba mhó as? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Sábháiltear Romalas agus Réamus, mic Rhea Silvia agus Mars, ón mbás agus tugann an mac tíre baineann aire dóibh)*

Rhea Silvia mater erat Romuli et Remi, qui gemini erant. Deus Mars pater erat puerorum. Rex scelestus servum iussit pueros rapere et in fluvium iacere.

Servus autem geminos in cista posuit et fluvius cistam ad ripam portavit. Lupa pueros ibi invenit. Lupa pueros miseros non necavit sed in speluncam portavit et aluit.

Postea pastor pueros invenit et in casam suam portavit. Uxor pastoris pueros educabat. Tandem pueri regem scelestum necaverunt et matrem suam servaverunt.

| | | |
|---|---|---|
| geminus: *leathchúpla* | fluvius: *abhainn* | cista: *cisteog* |
| ripa: *bruach abhann* | lupa: *mac tíre baineann* | spelunca: *uaimh* |
| alo: *beathaím, cothaím* | pastor: *aoire* | casa: *teachín* |
| educo: *tógaim* | | |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá deich marc ag gabháil le gach ceist). **[80]**

*(Tosaíonn achrann idir Romalas agus Réamas faoina gcathair nua agus maraítear Réamas)*

Post mortem regis scelesti Romulus et Remus novam urbem prope casam pastoris aedificare constituerunt. Sed de nomine urbis erat rixa. Romulus novos cives iussit muros urbis aedificare. Itaque cives lapides magno labore portaverunt.

Quod muri non alti erant Remus risit et muros transiluit. Cives irati erant. Amicus Romuli statim Remum gladio necavit. Tum Romulus ad muros festinavit et Remum mortuum vidit. Romulus doluit quod frater mortuus erat.

Romulus nunc solus rex erat et cives nomen regis urbi dederunt. Itaque nomen urbis erat Roma.

| | | | |
|---|---|---|---|
| casa: *teachín* | pastor: *aoire* | aedifico: *tógaim* | rixa: *achrann* |
| lapis: *cloch* | altus: *ard* | transilio: *léimim* | |

**(i)** Cad a shocraigh Romalas agus Réamas a dhéanamh tar éis bhás an drochrí?
**(ii)** Cá háit ar shocraigh siad é seo a dhéanamh?
**(iii)** Cad ba chúis leis an achrann eatarthu?
**(iv)** Cad a d'ordaigh Romalas do na saoránaigh nua a dhéanamh?
**(v)** Cad a rinne na saoránaigh chun a chuid orduithe a chomhlíonadh?
**(vi)** Cén fáth a ndearna Réamas gáire?
**(vii)** Cad eile a rinne sé?
**(viii)** Conas mar a d'fhreagair na saoránaigh?
**(ix)** Cad a rinne cara Romalais?
**(x)** Nuair a dheifrigh Romalas chuig na ballaí, cad a chonaic sé?
**(xi)** Conas mar a d'fhreagair sé nuair a chonaic sé é sin?
**(xii)** Cén duine as ar ainmníodh an chathair agus cén t-ainm a tugadh uirthi?
**(xiii)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo atá sa sliocht thuas:-
constituo, sum, iubeo, porto, doleo.

**(xiv)** Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Uatha de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-
rex, urbs, murus, gladius, frater.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag gabháil le gach roinn). **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Ba cheannaire cróga é Tarcain Mórtasach a ghabh mórán cathracha. (16)

**(b)** Ach fear an-mhailíseach ab ea rí deireanach na Rómhánach, freisin. (16)

**(c)** Chabhraigh a mhac Sextus leis cathair amháin a ghabháil le cleas. (16)

**(d)** Dúirt Sextus gur bhuail a athair agus a dheartháireacha é. (16)

**(e)** Chreid na saoránaigh é agus thug siad bheith istigh dó ina gcathair. (16)

Tarcain Mórtasach: *Tarquinius Superbus* deireanach: *ultimus, -a-um* Sextus: *Sextus, -i, f*
cleas: *dolus, -i, f.*

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Conas mar a choinnigh Horatius Cocles an droichead agus mar a shábháil sé an Róimh ó ionsaí Porsenna)*

Olim Porsenna, rex <u>Etruscorum</u>, Romanos <u>oppugnabat</u>. Mox rex Romanos victos <u>trans</u> <u>fluvium</u> in urbem Romam <u>repulerat</u>. Tum Porsenna <u>fluvium</u> ponte solo transire conatus est.

Sed Horatius Cocles, vir fortissimus Romanorum, pro ponte cum duobus amicis stabat. <u>Etrusci</u> saepe <u>hastas</u> iecerunt. Interea cives Romani pontem frangebant. Tandem amici <u>trans</u> pontem in urbem cucurrerunt et Horatius erat solus.

Deinde Horatius clamorem audivit: "Pons est fractus!" Statim Horatius in <u>fluvium</u> <u>desiluit</u> et ab amicis acceptus est. Roma erat servata.

| | | |
|---|---|---|
| Etruscus: *Éatrúscach* | oppugno: *ionsaím* | trans: *trasna* |
| fluvius: *abhainn* | repello: *tiomáinim siar* | hasta: *sleá* |
| desilio: *léimim anuas* | | |

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cad ba *corvus* ann agus cén tairbhe a bhain na Rómhánaigh as sa Chéad Chogadh Púnach?
- **(ii)** Déan cur síos ar an mbealach a ndeachaigh Hannabal chun ionradh a dhéanamh ar an Iodáil sa Dara Cogadh Púnach.
- **(iii)** Cad a chiallaíonn *delenda est Carthago*? Cé a bhain úsáid as na focail sin?
- **(iv)** Cén chaoi a bhfuair Scipio Aemilianus na teidil Numantinus agus Africanus?
- **(v)** Mínigh cad is ciall leis an téarma *latifundia.*
- **(vi)** Cérbh é Viriathus? Cén chaoi ar chothaigh sé trioblóid do na Rómhánaigh?
- **(vii)** Cérbh iad miúileanna Mhairias? Cén chaoi a bhfuair siad an t-ainm sin?
- **(viii)** Cé a thug isteach *leges Corneliae*? Déan cur síos ar cheann amháin dá phríomhaidhmeanna.
- **(ix)** Cérbh é Spartacus? Cén chaoi a ndearna sé bagairt ar an Róimh?
- **(x)** Cad ab ea **dhá** mhórghníomh a bhain Poimpéas Mór amach?

**B.** Bhí **Publius Scipio Africanus Maior** ar cheann de na ceannairí míleata ba mhó de chuid na Róimhe agus chuir sé Hannabal faoi chois. Déan cur síos ar na príomheachtraí ina ghníomhréim. (20)

**NÓ**

Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Gaius Iúil Caesar** agus ar na mórghníomhartha a bhain sé amach. Mínigh cén fáth ar maraíodh é. (20)

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén fheidhm a bhíodh le *bulla*?

**(ii)** Cad ba *Lares* agus *Penates* ann?

**(iii)** Cad ab ea príomhdhualgais *censor* sa tsochaí Rómhánach?

**(iv)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe agus ar fheidhm an hipeacóist.

**(v)** Déan cur síos ar an gcineál imeachta a bhíodh ar siúl sa *Circus Maximus*.

**(vi)** Cén ról a bhí ag an *paterfamilias* i dteaghlach Rómhánach?


**(vii)** Ainmnigh **dhá** shaghas gliaire. Déan cur síos ar an gcaoi a mbíodh gach saghas acu armáilte.

**(viii)** Cén ról a bhí ag an *tribunus plebis* i saol polaitiúil na Róimhe?

**(ix)** Cad ab ea na *fasces*? Cad dó ar sheas siad?

**(x)** Cad ab ea an *triclinium* i dteach Rómhánach? Cad iad na príomhghnéithe a bhain leis?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de mhórshiúl sochraide ar sharcafagas Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:-



Baineadh an léaráid as www.museumsyndicate.com/images

**(i)** Déan cur síos ar an méid atá ag tarlú sa tsnoíodóireacht rilífe thuas. (4)

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha. (4)

**(iii)** Samhlaigh gur seanadóir Rómhánach tú. Scríobh *laudatio funebris* (óráid sochraide) ar son cara agus comhghleacaí oirirc atá díreach tar éis bháis. (12)

**NÓ**

Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú. Scríobh litir chuig cara leat sna proibhinsí ina ndéanann tú cur síos ar shochraid a bhfuil tú díreach tar éis freastal uirthi. (12)

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán

Leathanach Bán